Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2026
(OR. en)

9496/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0111 (COD)**

**PECHE 185**
**CODEC 959**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 198 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 198 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 198 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2026
COM(2026) 198 final

2026/0111 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinnííní an Atlantaigh (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinnííní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinnííní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra bearta áirithe a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, ar bearta iad a ghlac na hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh seo a leanas: an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinnínî Atlantacha (ICCAT); an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO); Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO); an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinnínî Teochreasacha (IATTC); an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) agus an Coimisiún um Thuinnínî an Aigéin Indiaigh (IOTC).

Is é ICCAT an ERBI atá freagrach as acmhainní iascaigh tuinnínî agus acmhainní iascaigh atá cosúil le tuinnínî a bhainistiú san Atlantach agus sa Mheánmhuir. Tá sé d'údarás ag ICCAT moltaí a ghlacadh maidir le caomhnú agus bainistiú na n-iascach atá faoina chúram, agus tá na moltaí sin ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha. Is ar na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún go bunúsach a bhíonn na moltaí sin dírithe, ach cuirtear oibleagáidí leo freisin ar oibreoirí (e.g. máistrí soithigh) a bhfuil feidhm eisiach acu maidir le limistéar Choinbhinsiún ICCAT, lena gcumhdaítear an mhórmhuir agus limistéir eacnamaíocha eisiacha na bPáirtithe Conarthacha. In Airteagal VIII(2) de Choinbhinsiún ICCAT, luaitear go mbeidh éifeacht ag moltaí ICCAT maidir le gach Páirtí Conarthach 6 mhí tar éis dháta an fhógra ó Choimisiún ICCAT agus go gceanglaítear ar na Páirtithe Conarthacha iad a chur chun feidhme. Cuireadh na moltaí is déanaí maidir le caomhnú agus forfheidhmiú ó ICCAT chun feidhme i ndlí an Aontais trí Rialacháin (AE) 2017/2107[(1)], (AE) 2023/2053[(2)] agus (AE) 2023/2833[(3)] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Leis an togra seo, féachtar leis na moltaí a ghlac ICCAT ina chruinnithe bliantúla in 2024 agus 2025 a chur chun feidhme.

Is é SPRFMO an ERBI atá freagrach as acmhainní iascaigh san Aigéan Ciúin Theas agus sna farraigí máguaird a bhainistiú, seachas an tuinnín agus speicis atá cosúil le tuinnínî. Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach in SPRFMO ó bhí 2010 ann. Foráiltear le Coinbhinsiún SPRFMO go bhfuil cinntí a ghlacann SPRFMO ina gceangal ar a Pháirtithe Conarthacha, ar eintitis iascaireachta rannpháirteacha, agus ar Pháirtithe comhoibríocha Neamhchonarthacha, agus ar oibreoirí. Le Rialachán (AE) 2018/975[(4)], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais na bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a ghlac SPRFMO idir 2013 agus 2017. Leis

---

(1) Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinnínî an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj.

(2) Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj.

(3) Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm (*Thunnus thynnus*) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 (IO L, 2023/2833, 20.12.2023), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2833/oj.

(4) Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) (IO L 179, 16.7.2018, lch. 30), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/975/oj.

an togra seo, féachtar le bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe áirithe a ghlac SPRFMO ag a chruinniú bliantúil in 2025 a chur chun feidhme.

Is é NAFO an ERBI atá freagrach as acmhainní iascaigh a bhainistiú san Atlantach Thiar Thuaidh atá faoina chúram. Tá feidhm ag bearta caomhnaithe agus bainistíochta NAFO go heisiach maidir le Limistéar Rialála NAFO, an mhórmhuir, a shainmhínítear mar an limistéar amuigh ón limistéar ina bhfeidhmíonn stáit chósta dlínse iascaigh. Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach in NAFO ó bhí 1979 ann. Luaitear i gCoinbhinsiún NAFO go bhfuil na bearta caomhnaithe a ghlacann Coimisiún NAFO ceangailteach (Airteagal XIV, Airteagal VI.8 agus Airteagal VI.9) agus nach mór do na Páirtithe Conarthacha iad a chur chun feidhme. Le Rialachán (AE) 2019/833[(5)], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe NAFO a ghlac NAFO go dtí 2018 agus leasaíodh an Rialachán sin in 2021 agus 2022 chun na bearta a ghlac NAFO in 2019, 2020, 2021 agus 2022 a chur chun feidhme. Leis an togra seo, féachtar leis na leasuithe a ghlac NAFO ag a chruinniú bliantúil in 2025 a chur chun feidhme.

Is é IATTC an ERBI atá freagrach as caomhnú agus bainistiú iascach le haghaidh tuinníní agus speicis eile a ghabhann soithí iascaireachta tuinníní san Aigéan Ciúin Thoir. Tá an tAontas ina bhall de IATTC ó bhí 2006 ann. Foráiltear le Coinbhinsiún IATTC (‘Coinbhinsiún Antigua’) go bhfuil rúin a ghlacann IATTC ina gceangal ar a Pháirtithe Conarthacha agus ar Pháirtithe comhoibritheacha Neamhchonarthacha, agus ar oibreoirí. Le Rialachán (AE) 2021/56[(6)], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme in IATTC. Leis an togra seo, féachtar le leasuithe a ghlac IATTC ag a chruinniú bliantúil in 2021 a chur chun feidhme.

Is é an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) an ERBI atá freagrach as acmhainní iascaigh tuinníní agus acmhainní iascaigh atá cosúil le tuinníní a bhainistiú san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir. Tá na bearta caomhnaithe agus bainistíochta a ghlac WCPFC ina gceangal ar Chomhaltaí, ar Chríocha Rannpháirteacha agus ar Neamhchomhaltaí Comhoibritheacha. Tá feidhm ag na bearta caomhnaithe agus bainistíochta ar fud limistéar Choinbhinsiún WCPFC, lena gcumhdaítear an mhórmhuir agus limistéir eacnamaíocha eisiacha na Neamhchomhaltaí Comhoibríocha. Le Rialachán (AE) 2022/2056[(7)], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais rúin WCPFC a glacadh idir 2004 agus 2021. Leis an togra seo, féachtar leis na leasuithe a ghlac WCPFC ag a chruinnithe bliantúla in 2024 agus 2025 a chur chun feidhme.

Is é IOTC an ERBI atá freagrach as an tuinnín agus acmhainn iascaigh atá cosúil le tuinníní a bhainistiú san Aigéan Indiach. Tá feidhm ag bearta caomhnaithe agus bainistíochta IOTC maidir le réimse inniúlachta IOTC, arb é an tAigéan Indiach é (a shainítear chun críoch chomhaontú IOTC mar limistéir staidrimh FAO 51 agus 57 agus farraigí máguaird, ó thuaidh

---

(5) Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) 1386/2007 ón gComhairle (IO L 141, 28.5.2019, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/833/oj.

(6) Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2021 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 24, 26.1.2021, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/56/oj.

(7) Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 276, 26.10.2022, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2056/oj.

ón gCoinbhéirseacht Antartach). Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach in IOTC ó bhí 1995 ann. Luaitear i gComhaontú IOTC go bhfuil na rúin a ghlacann IOTC ceangailteach agus nach mór do na Páirtithe Conarthacha iad a chur chun feidhme. Le Rialachán (AE) 2022/2343[(8)], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais rúin IOTC a glacadh idir 2000 agus 2021. Leis an togra seo, féachtar leis na leasuithe agus na rúin nua a ghlac IOTC ag a chruinniú bliantúil in 2025 a chur chun feidhme.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra i gcomhréir le Cuid VI (beartas seachtrach) den chomhbheartas iascaigh, Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[(9)], lena bhforáiltear go stiúrfaidh an tAontas a iascach seachtrach i gcomhréir lena oibleagáidí idirnáisiúnta agus lena mbunaítear gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais ar chomhar iascaigh réigiúnach.

Leis an togra, comhlánaítear an Rialachán maidir le bainistiú ar chabhlaigh sheachtracha (AE) 2017/2403[(10)], lena bhforáiltear go bhfuil soithí iascaireachta de chuid an Aontais faoi réir údaruithe iascaireachta ó Eagraíochtaí Réigiúnacha um Bainistíocht Iascaigh, mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle[(11)] maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe, lena ndéantar foráil maidir le liosta Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a áireamh i liosta soithí Neamhdhleathacha, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte an Aontais.

Ní chumhdaítear leis an togra seo deiseanna iascaireachta an Aontais arna gcinneadh ag ICCAT, SPRFMO, NAFO, IATTC, WCPFC agus IOTC. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé de shaincheart ag an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le praghsanna, tobhaigh, cabhair agus teorainneacha cainníochtúla a shocrú agus maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, agus leis an togra, féachtar le hoibleagáidí arna dtabhú ag an Aontas mar chomhalta de ERBInna ábhartha a chur chun feidhme.

---

(8) Rialachán (AE) 2022/2343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 311, 2.12.2022, lch. 1.), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2343/oj.

(9) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.

(10) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2403/oj.

(11) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1005/oj.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, mar go leagtar amach ann na forálacha is gá chun cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a shaothrú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais (Airteagal 3(1)(d) CFAE). Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Áiritheofar leis an togra go gcomhlíonfar oibleagáidí an Aontais in ICCAT, SPRFMO, NAFO, IATTC, WCPFC agus IOTC, gan dul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Roghnaítear Rialachán chun Rialachán (AE) 2017/2107, Rialachán (AE) 2018/975, Rialachán (AE) 2019/833, Rialachán (AE) 2021/56, Rialachán (AE) 2022/2056, Rialachán (AE) 2022/2343, agus Rialachán (AE) 2023/2053 atá ann cheana a leasú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta ó Bhallstáit an Aontais agus le hionadaithe tionscail sa tréimhse díreach roimh na cruinnithe bliantúla ábhartha de chuid na n-eagraíochtaí thuasluaite ag ar glacadh na bearta sin agus le linn na caibidlíochta araon.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta a ghlac ICCAT, SPRFMO, NAFO, IATTC, WCPFC agus IOTC i gcomhréir leis an gcomhairle ó bhuanchoistí féin na n-eagraíochtaí sin um shaincheisteanna eolaíochta agus rialaithe.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus bainistíochta ICCAT, SPRFMO, NAFO, IATTC, WCPFC agus IOTC atá ina gceangal ar an Aontas.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon nasc idir an togra seo agus oiriúnacht agus simpliú rialála (REFIT).

- **Cearta bunúsacha**

Níl tionchar ag an togra seo ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gcás ICCAT, ailíníonn na leasuithe leis na rialacha ICCAT is déanaí maidir le foghabháil tuinníní trópaiceacha. I gcás an tuinnín ghoirm, baintear an coincheap 'acmhainneacht feirmeoireachta' agus tugtar isteach nósanna imeachta nua um dhearbhuithe próiseála a fhíorú.

I gcás SPRFMO, cumhdaítear leis an togra beart breise a glacadh in 2025, lena dtoirmisctear fóirdheontais a thabhairt do shoitheach nó d'oibreoir soithigh a liostaítear ar liosta soithí neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte SPRFMO.

I gcás NAFO, baineann na leasuithe le 'neamhchomhlíontacht fhéideartha' a chur in ionad an fhocail 'neamhréireachtaí' chomh maith le clár breathnóireachta leictreonaí a thabhairt isteach in NAFO agus na ceanglais a chomhlíonfar leis má úsáidtear é.

I gcás IATTC, baineann na leasuithe le roinnt sainmhínithe agus le tarchur faisnéise a bhaineann le feistí comhthiomsaithe éisc agus le baoithe gléasta.

I gcás WCPFC, baineann leasuithe le cairtfhostú agus le speicis íogaire a chosaint, lena n-áirítear tuairisciú.

I gcás IOTC, ailíníonn na leasuithe leis na rialacha IOTC is déanaí maidir leis an méid seo a leanas:

- clár an chórais um fhaireachán soithí;
- an scéim breathnóirí réigiúnach;
- caomhnú siorcanna a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh arna mbainistiú ag IOTC;
- caomhnú siorcanna mácó biorshrónacha agus mácó fadeiteacha a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh IOTC;
- tearcúsáid agus barrachas boiníotónna aigéanacha, tuinníní mórshúileacha agus tuinníní buí i réimse inniúlachta IOTC,

I gcás IOTC, tugtar isteach an athuair sraith sainmhínithe freisin.

2026/0111 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[(1)],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/2107[(2)], cuireadh chun feidhme bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar Coinbhinsiúin an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) arna nglacadh ag ICCAT go dtí a chruinniú bliantúil in 2015, agus le linn an chruinnithe sin. Leasaíodh an Rialachán sin ina dhiaidh sin le Rialacháin (AE) 2019/1154, (AE) 2023/2053 agus (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun bearta breise arna nglacadh ag ICCAT a chur chun feidhme.

(2) Ag cruinnithe bliantúla ICCAT in 2024 agus 2025, glacadh bearta breise i ndáil le tuinníní trópaiceacha chomh maith le mairlíní gorma, mairlíní geala agus mairlíní

(1) IO C […], […], lch. […]

(2) Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj

cruinnghainneacha, agus dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú chun na bearta nua ICCAT sin a chur chun feidhme.

(3) Le Rialachán (AE) 2018/975[3], cuireadh chun feidhme bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) arna nglacadh ag SPRFMO go dtí a chruinniú bliantúil in 2017, agus le linn an chruinnithe sin.

(4) Ag cruinniú bliantúil Choimisiún SPRFMO in 2025, glacadh bearta breise lena dtoirmisctear fóirdheontais do shoitheach nó d'oibreoir soithigh a liostaítear ar liosta Soithí Neamhdhleathacha, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte SPRFMO agus dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/975 a leasú chun bearta nua SPRFMO a chur chun feidhme.

(5) Le Rialachán (AE) 2019/833[4], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais na rialacha is déanaí maidir le bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO). Leasaíodh an Rialachán sin ina dhiaidh sin chun bearta NAFO a glacadh ag a chruinnithe bliantúla in 2019, 2020, 2021 agus 2022 a chur chun feidhme[5].

(6) Ina dhiaidh sin, ghlac NAFO roinnt beart atá ceangailteach ó thaobh dlí ag a 47ú Cruinniú Bliantúil in 2025, a mhéid a bhaineann lena scéim breathnóirí agus leis na ceanglais atá le comhlíonadh agus clár breathnóireachta leictreonaí á úsáid, chomh maith le nós imeachta ábhartha breise um sháruithe tromchúiseacha.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/833 a leasú chun na bearta nua NAFO sin a chur chun feidhme.

(8) Is é is dócha go leasófar forálacha áirithe de na bearta caomhnaithe agus forfheidhmiúcháin ag cruinnithe bliantúla NAFO amach anseo i ndiaidh bearta nua a thabhairt isteach i ndáil leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh clár breathnóireachta leictreonaí comhlíontach. Chun na leasuithe sin a dhéanfar ar bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe amach anseo a chur chun feidhme go tapa i ndlí an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith dhualgais na mBallstát maidir le maoluithe ar an gclár breathnóra.

(9) Le Rialachán (AE) 2021/56[6], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus bainistithe is infheidhme maidir le limistéar Coinbhinsiúin an

---

(3) Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) (IO L 179, 16.7.2018, lch. 30), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/975/oj.

(4) Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) 1386/2007 ón gComhairle (IO L 141, 28.5.2019, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/833/oj.

(5) Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) 1386/2007 ón gComhairle (IO L 141, 28.5.2019, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/833/oj.

(6) Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2021 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le Limistéar an Choinbhinsiúin

Choimisiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha (IATTC), arna nglacadh ag IATTC go dtí a chruinniú bliantúil in 2020, agus le linn an chruinnithe sin.

(10) Ag cruinniú bliantúil IATTC in 2021, glacadh bearta a bhaineann le sainmhínithe agus le tarchur faisnéise a bhaineann le feistí comhthiomsaithe éisc agus le baoithe gléasta. Tá na bearta sin ina gceangal ar an Aontas agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(11) Le Rialachán (AE) 2022/2056[(7)], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus bainistithe is infheidhme maidir le limistéar Coinbhinsiúin an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) arna nglacadh ag WCPFC go dtí a chruinniú bliantúil in 2021, agus le linn an chruinnithe sin.

(12) Leasaigh WCPFC bearta a bhaineann le cairtfhostú agus cosaint speiceas íogair, lena n-áirítear tuairisciú, ag a chruinnithe bliantúla in 2024 agus 2025. Tá na bearta sin ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(13) Le Rialachán (AE) 2022/2343[(8)], cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), arna nglacadh ag IOTC go dtí a chruinniú bliantúil in 2021, agus le linn an chruinnithe sin.

(14) Ina dhiaidh sin, ag an 29ú Cruinniú Bliantúil de chuid IOTC in 2025, glacadh roinnt beart atá ceangailteach ó thaobh dlí a mhéid a bhaineann lena Scéim Breathnóirí Réigiúnach, lena chlár córais um fhaireachán soithí, lena bhearta caomhnaithe le haghaidh siorcanna, lena n-áirítear siorcanna mácó biorshrónacha agus mácó fadeiteacha, agus le tearcúsáid agus barrachas cuótaí tuinníní trópaiceacha. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/2343 a leasú chun na bearta IOTC nua sin a chur chun feidhme.

(15) Le Rialachán (AE) 2023/2053[(9)], cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta arna nglacadh ag ICCAT chun an tuinnín gorm a bhainistiú. Ag cruinniú bliantúil ICCAT in 2025, glacadh bearta i ndáil le bainistiú an tuinnín ghoirm. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/2053 a leasú chun na bearta ICCAT nua sin a chur chun feidhme,

---

Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 24, 26.1.2021, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/56/oj.

(7) Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 276, 26.10.2022, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2056/oj.

(8) Rialachán (AE) 2022/2343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle.

(9) Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2107**

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 5;

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil údaraithe chun tuinnín í trópaiceacha a iascach de bhun Airteagal 6, féadfar a cheadú dóibh foghabháil tuinníní trópaiceacha a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar, a phróiseáil nó a thabhairt i dtír i gcomhréir le huasteorainn foghabhála ar bord in aghaidh an turais 5 % de réir speicis.

Tuairisceoidh na Ballstáit an méid seo a leanas don Choimisiún, mar chuid dá dtuarascáil bhliantúil:

(a) an uasteorainn foghabhála a cheadaíonn siad do na soithí sin,

(b) an méid iomlán tuinníní trópaiceacha a gabhadh mar fhoghabháil an bhliain sin;

(c) faisnéis faoin gcaoi a n-áirithíonn an Ballstát go gcomhlíontar an teorainn; agus

(d) an uasteorainn foghabhála in aghaidh an turais a cheadóidh an Ballstát in aghaidh an stoic don bhliain iascaireachta atá le teacht.’;

(3) Scriostar Airteagal 28.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/975**

In Airteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/975, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

‘3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit aon fhóirdheontas a dheonú ná a choinneáil ar bun do shoithí atá ar Liosta Soithí Neamhdhleathacha, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte SPRFMO, ná d’úinéir soithí den chineál sin, ná d’aon duine atá i gceannas nó a stiúrann nó a rialaíonn soithí den chineál sin.’

*Airteagal 3*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/833**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear isteach an pointe (32) seo a leanas:

‘(32) Ciallaíonn “Córas Faireacháin Leictreonaigh” córas ar bord soitheach iascaireachta a fhaigheann, a stórálann agus, de réir mar is iomchuí, a tharchuireann sonraí ó bhraiteoirí agus ó fhís-sleachta ceamaraí ar féidir le hathbhreithneoir ar duine é, bogearraí anailíse sonraí nó uathoibriú imeallbhunaithe athbhreithniú agus anailís a dhéanamh orthu.’

(2) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír (1a) seo a leanas isteach idir mír 1 agus mír 2:

‘(1a) Sonraí uile na mbreathnóirí, tuarascálacha leictreonacha agus na sonraí arna mbailiú faoin gclár breathnóireachta leictreonaí faoin gCaibidil seo agus doiciméadacht tacaíochta, déileálfar leo mar shonraí rúnda.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3, pointe (d):

‘(d) i gcás ina n-úsáideann soithí clár breathnóireachta leictreonaí a chomhlíonann na ceanglais arna mbunú i mír 11a;’

(c) i mír 6 pointe (b) cuirtear ‘an neamhchomhlíontacht fhéideartha’ in ionad ‘na neamhréireachtaí’.

(d) i mír 11 pointe (d) cuirtear ‘neamhchomhlíontacht fhéideartha’ in ionad ‘neamhréireacht’.

(e) i mír 11 pointe (h): cuirtear ‘neamhchomhlíontachta féideartha’ in ionad ‘neamhréireacha’.

(f) cuirtear mír 11a isteach idir mír 11 agus mír 12:

"11a. Áiritheoidh gach Ballstát a bhaineann úsáid as an maolú i mír (3), pointe (b) an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh suiteáil an chórais faireacháin leictreonaigh agus comhpháirteanna gach soithigh iascaireachta formheasta ag údaráis inniúla na mBallstát brataí agus go gcomhfhreagróidh siad do Phlean um Fhaireachán Soithí Córais Faireacháin Leictreonaigh;

(b) go n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas sa Phlean um Fhaireachán Soithí:

  (i) mionsonraí an tsoithigh iascaireachta agus aitheantas an úinéara;

  (ii) pictiúir, saintréithe agus sonraíochtaí teicniúla agus an suíomh ar bord ina bhfuil comhpháirteanna an chórais faireacháin leictreonaigh, lena n-áirítear ceamaraí, braiteoirí, aeróga agus bosca rialaithe;

  (iii) pictiúir agus sonraí tomhais na limistéar sórtála agus aischurtha;

  (iv) na hoibleagáidí atá ar mháistir an tsoithigh iascaireachta a bhaineann le:

    (-) úsáid limistéar ainmnithe aischurtha;

    (-) cothabháil agus glanadh an chórais faireacháin leictreonaigh agus a chomhpháirteanna;

    (-) tástáil agus diagnóisiú córais an chórais faireacháin leictreonaigh; agus

    (-) na nósanna imeachta cúltaca a bheidh le leanúint i gcás cliseadh córais nó cumhachta;

(c) go n-áirítear an méid seo a leanas sa chóras faireacháin leictreonaigh:

  (i) ceamaraí i ngach limistéar ainmnithe aischurtha atá suite ar bhealach lena gcumasaítear sainaithint agus cainníochtú an ábhair mhuirí aischurtha, ar an bpríomhdheic nó sa limistéar ina dtabharfar na gabhálacha ar bord agus sa limistéar próiseála;

  (ii) braiteoirí a sholáthraíonn faisnéis maidir le suíomh, luas, úsáid unlais nó úsáid ulóige meicniúla, agus teocht an bhoilg;

(d) tá íosacmhainn stórála sonraí ag an gcóras faireacháin leictreonaigh atá leordhóthanach chun sonraí an chórais faireacháin leictreonaigh a stóráil go dtí go mbeidh gach gabháil ar bord ó Limistéar Rialála NAFO tugtha i dtír;

(e) go mbeidh fís-sleachta agus sonraí braiteoirí arna mbailiú ag an gcóras faireacháin leictreonaigh i bhformáid shonraithe lenar féidir anailís a dhéanamh ar na sonraí braiteoirí agus ar na sonraí fís-sleachta uile trí úsáid a bhaint as bogearraí anailíseora córais faireacháin leictreonaigh chun an ghabháil agus an t-ábhar muirí aischurtha ó gach oibríocht iascaireachta a shainaithint agus a chainníochtú;

(f) go gcuirfear cóip den Phlean um Fhaireachán Soithí agus aon athrú air faoi bhráid an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach i gcás aon soitheach nach bhfuil breathnóir ar iompar aige sula gcuirfear tús le turas iascaireachta a mbeidh an soitheach faoi réir an chláir breathnóireachta leictreonaí dá dtagraítear i mír 3, pointe (b) lena linn;

(g) go dtabharfaidh an Ballstát brataí fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO, agus go gcuirfear an Coimisiún agus EFCA i gcóip, 72 uair an chloig ar a laghad roimh an tréimhse ar lena linn a bheidh soitheach faoi réir an chláir breathnóireachta leictreonaí dá dtagraítear in Airteagal 27, mír 3, pointe (b);

(h) go mbeidh an córas faireacháin leictreonaigh curtha ar siúl, ag taifead agus lánoibríochtúil a luaithe a rachaidh an soitheach isteach sa Limistéar Rialála agus go dtí go ndíluchtóidh an soitheach a ghabháil uile ón Limistéar Rialála, seachas i gcás ina mbaintear úsáid as aon phlean teagmhasach um chliseadh córais a leagtar amach sa Phlean um Fhaireachán Soithí; agus

(i) go gcuirtear tuarascáil ar thuras iascaireachta bunaithe ar an teimpléad in Iarscríbhinn II.M, ina n-úsáidtear torthaí na hanailíse ar shonraí córais faireacháin leictreonaigh, chuig an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus an Coimisiún i gcóip laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh an turais sa chás nach raibh breathnóir ar duine é ar bord le haghaidh 5 % ar a laghad de na turais iascaireachta atá faoi réir an chláir breathnóireachta leictreonaí.'

(g) i mír 12, cuirtear an pointe (h) seo a leanas isteach:

'(h) na hoibleagáidí agus na coinníollacha a chomhlíonadh a leagtar síos sa Phlean um Fhaireachán Soithí a ghabhann le soitheach atá faoi réir an chláir breathnóireachta leictreonaí dá dtagraítear i mír 3, pointe (b).';

(h) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 15:

'(15) An fhaisnéis a cheanglaítear ar na Ballstáit a sholáthar i gcomhréir le mír 3(c) agus (d), mír 5(a), mír 6(c) agus mír 7(c), mír 11a (g) agus (j), tarchuirfear í chuig an gCoimisiún nó chuig comhlacht arna ainmniú aige.'

(3) In Airteagal 35, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

'(m) sárú a dhéanamh i gcás nach bhfuil aon bhreathnóir ar bord agus nach bhfuil an soitheach faoi réir breathnóireacht leictreonach;';

(4) in Airteagal 35, mír 1, cuirtear isteach na pointí (s) agus (t) seo a leanas:

'(s) mainneachtain córas faireacháin leictreonaigh a iompar ar bord atá contrártha d'Airteagal 27, mír 11a, nó baint don chóras faireacháin leictreonaigh;

(t) mainneachtain oibleagáidí an mháistir a leagtar síos sa Phlean um Fhaireachán Soithí a chomhlíonadh ar bhealach a chuireann cosc ar an gcóras faireacháin leictreonaigh ar bord feidhmiú go hiomlán.'

(5) In Airteagal 41, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ní thosóidh máistir an tsoithigh oibríochtaí tugtha i dtír ná trasloingsithe, ná ní úsáidfidh sé seirbhísí eile calafoirt, sula dtabharfaidh údarás inniúil an chalafoirt údarú ná sula mbeidh an t-am teachta measta arna thuairisciú i PSC1 nó i PSC2 dulta in éag. Mar sin féin, féadfar oibríochtaí tugtha i dtír nó trasloingsithe agus úsáid seirbhísí eile calafoirt a thosú roimh an am teachta measta ach cead a fháil ó údaráis inniúla an Bhallstáit calafoirt.';

(6) In Airteagal 50, mír 2, cuirtear isteach an pointe (t) seo a leanas:

'(t) na sonraíochtaí teicniúla maidir le clár breathnóireachta leictreonaí a leagtar amach in Airteagal 27, mír 11a.'

*Airteagal 4*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2021/56**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/56 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear isteach na pointí (25) go (29) seo a leanas:

'(25) Ciallaíonn 'baoi gléasta' baoi a úsáideann seirbhís líonra satailíte chun a shuíomh geografach a léiriú agus atá i gcomhréir leis an Rialachán seo, atá marcáilte go soiléir le cód aitheantais uathúil.

(26) ciallaíonn 'baoi gléasta a ghníomhachtú' túsú seirbhíse líonra chun suíomh an bhaoi ghléasta a fháil ón gcuideachta soláthróra baoithe arna iarraidh sin d'úinéir nó do bhainisteoir an tsoithigh.

(27) ciallaíonn 'baoi gléasta a dhíghníomhachtú' seirbhís líonra chun suíomh an bhaoi ghléasta a fháil ón gcuideachta soláthróra baoithe a chur ar ceal arna iarraidh sin d'úinéir nó do bhainisteoir an tsoithigh.

(28) ciallaíonn 'baoi gléasta a athghníomhachtú' atúsú seirbhíse líonra chun suíomh baoi ghléasta a tharchur tar éis don chuideachta soláthróra baoithe é a dhíghníomhachtú arna iarraidh sin d'úinéir nó do bhainisteoir an tsoithigh.

(29) ciallaíonn 'caillteanas comhartha' nuair nach féidir leis an úinéir baoi gléasta a aimsiú ar ghaireas faireacháin, gan an t-úinéir, an t-oibreoir ná an bainisteoir a bheith ina chúis leis sin, lena n-áirítear mar gheall ar shoitheach nó duine eile (ar muir nó ar talamh) baoi a aisghabháil , ar bhá feiste comhthiomsaithe éisc agus ar chliseadh baoi.'

(2) in Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír (3a) seo a leanas:

'3a. Tuairisceofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir le hIarscríbhinn X';

(3) in Airteagal 28, mír 1, cuirtear isteach an pointe (p) seo a leanas:

'(p) an fhormáid sonraí baoithe dá dtagraítear in Airteagal 6(3a).'

(4) cuirtear Iarscríbhinn X le Rialachán (AE) 2021/56 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/2056**

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/2056 mar a leanas:

(1) in Airteagal 14, cuirtear na míreanna 2 agus 3 seo a leanas isteach:

‘2. Maidir le siorcanna a ghabhtar le soithí spiléireachta agus nach gcoinnítear, scaoilfidh soithí iascaireachta na siorcanna sin, a luaithe is féidir, agus sábháilteacht an chriú agus an bhreathnóra á cur san áireamh, trí úsáid a bhaint as na rialacha seo a leanas:(1) An siorc a fhágáil san uisce, i gcás inar féidir; agus (2) Gearrthóir líne a úsáid chun an fodhorú a ghearradh chomh gar agus is féidir don duán.

3. Áiritheoidh soithí iascaireachta go ndéanfar siorcanna a ghabhtar agus nach bhfuil le coinneáil, a tharraingt cois an tsoithigh sula scaoilfear iad chun sainaithint speicis a éascú. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin ach amháin nuair a bheidh breathnóir nó ceamara faireacháin leictreonaigh i láthair, agus níor cheart é a chur chun feidhme ach amháin tar éis sábháilteacht an chriú agus an bhreathnóra a chur san áireamh.’

(2) in Airteagal 19, cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach idir míreanna 2 agus 3:

‘2a. Ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, beidh feidhm ag an gceanglas thuas faoi mhír 1 freisin sa réigiún laistiar de 175°I idir 25°D - 30°D, ach ní bheidh feidhm ag an gceanglas faoi mhír 2 ach amháin sa réigiún lastoir de 175°I idir 25°D - 30°D.’

(3) in Airteagal 20, cuirtear isteach an mhír 4a seo a leanas:

‘4a: Tuairisceofar na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo sa logleabhar i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Áireofar san fhaisnéis a bheidh le tuairisciú cé acu marbh nó beo atá sa stádas saoil tráth a scaoilte.’

(4) in Airteagal 27, mír 1, cuirtear isteach an pointe (g) seo a leanas:

‘(g) limistéar cur i bhfeidhm (limistéar eacnamaíoch eisiach agus/nó an Mhórmhuir)’.

(5) in Airteagal 38, mír 3, cuirtear isteach an pointe (j) seo a leanas:

‘(j): Faisnéis maidir le cur chun feidhme an toirmisc ar theascadh eití siorca i gcomhréir leis an teimpléad a sholáthraítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le CMM 2025-06.’

*Airteagal 6*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/2343**

Leasaítear leis seo Rialachán (AE) 2022/2343 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (8):

‘(8) ciallaíonn ‘Feiste Comhthiomsaithe Éisc’ réad, struchtúr nó feiste buan, leathbhuan nó sealadach d’aon ábhar, bíodh sé de dhéantús an duine nó nádúrtha, a úsáidtear agus/nó a rianaítear, agus ar féidir éisc a chomhthiomsú léi.’

(2) cuirtear an mhír (4a) seo a leanas isteach idir míreanna (4) agus (5):

‘(4a) Ciallaíonn ‘siorcanna’ na speicis uile a bhaineann leis na hocht n-ordú *Selachimorpha* (*Carcharhiniformes, Lamniformes, Orectolobiformes,*

*Heterodontiformes, Squaliformes, Squatiniformes, Hexanchiformes* agus *Pristiophoriformes*) agus gach speiceas d'ordú *Rhinopristiformes*.'

(3) cuirtear isteach na míreanna (19) go (26) seo a leanas:

'

(19) ciallaíonn 'in-bhithmhillte' ábhair neamhshintéiseacha agus/nó roghanna malartacha bithbhunaithe ar ábhair atá in-bhithmhillte i muirthimpeallachtaí;

(20) ciallaíonn 'lomán' ní atá ar snámh d'fhoinse nádúrtha nó ní a chailltear de thaisme ó ghníomhaíochtaí antrapaiceacha agus nár tógadh ná nár úsáideadh chun spriocspeicis tuinníní a chomhthiomsú agus/nó a aimsiú lena ngabháil ina dhiaidh sin;

(21) ciallaíonn 'baoi gléasta' baoi atá marcáilte go soiléir le huimhir thagartha uathúil lenar féidir a úinéir a shainaithint agus atá feistithe le córas rianaithe satailíte chun faireachán a dhéanamh ar a shuíomh ar a laghad;

(22) ciallaíonn 'úinéir baoi' úinéir/máistir/oibreoir soithigh iascaireachta atá i gceannas ar bhaoi gléasta a rianú agus atá údaraithe a iarraidh go ndéanfar é a ghníomhachtú agus/nó a dhíghníomhachtú;

(23) ciallaíonn 'baoi gníomhach' baoi gléasta óna ndearnadh an tseirbhís cumarsáide satailíte a thionscnamh agus a chur ar siúl, a imscaradh ar muir ar DFAD nó ar lomán agus atá ag tarchur suímh.

(24) ciallaíonn 'díghníomhachtú baoi' seirbhís cumarsáide satailíte a stad, rud a dhéanann an chuideachta soláthróra baoithe arna iarraidh sin d'úinéir an tsoithigh nó d'úinéir baoi;

(25) ciallaíonn 'athghníomhachtú baoi' cuideachta soláthróra baoithe seirbhísí cumarsáide satailíte a athchumasú arna iarraidh sin d'úinéir an bhaoi;

(26) ciallaíonn 'DFAD a tréigeadh' DFAD a imscaradh ar dtús agus é beartaithe é a aisghabháil ina dhiaidh sin ach a fhágtar ar muir d'aon ghnó mar gheall ar *force majeure*;

(27) ciallaíonn 'DFAD a cailleadh' DFAD ar chaill úinéir an bhaoi smacht air agus nach féidir le húinéir an bhaoi é a aimsiú;

(28) ciallaíonn 'DFAD a caitheadh amach' DFAD a scaoiltear ar muir nach ndéanann úinéir an bhaoi aon iarracht é a rialú ná a athshlánú a thuilleadh;'

(4) cuirtear an tAirteagal 5a seo a leanas isteach idir Airteagal 5 agus Airteagal 6:

'Airteagal 5a Tearcúsáid nó barrachas tuinníní aigéanacha, tuinníní mórshúileacha agus tuinníní buí

1. Aon chuid de chuóta bliantúil nó de theorainn ghabhála Ballstáit maidir leis an tuinnín aigéanach agus an tuinnín mórshúileach nach n-úsáidfear nó atá ina farasbarr , féadfar í a chur leis an gcuóta nó leis an teorainn ghabhála ábhartha nó bainfear iad as an gcuóta nó an teorainn ghabhála, de réir mar is iomchuí, le linn na bliana coigeartaithe nó roimh an mbliain choigeartaithe i gcomhréir le Rún IOTC atá i bhfeidhm maidir leis an tuinnín aigéanach agus an tuinnín mórshúileach.

2. An tearcúsáid uasta de thuinníní aigéanacha agus de thuinníní mórshúileacha is féidir le Ballstát a thabhairt anonn in aon bhliain ar leith, ní sháróidh sí an méid a cheadóidh IOTC sa bhliain áirithe sin i gcomhréir le Rún IOTC atá i bhfeidhm maidir leis an tuinnín aigéanach agus an tuinnín mórshúileach.

3. Aon fharasbarr cuóta nó teorann gabhála Ballstáit maidir leis an tuinnín buí, bainfear as an gcuóta ábhartha nó as an teorainn ghabhála ábhartha é, de réir mar is iomchuí, le linn na bliana coigeartaithe nó roimh an mbliain choigeartaithe i gcomhréir le Rún IOTC atá i bhfeidhm maidir leis an tuinnín buí.'

(5) i gCaibidil II, athainmnítear Roinn 3 mar 'Siorcanna Gorma agus Siorcanna Mácó'.

(6) Cuirtear isteach Airteagal 7a:

'Airteagal 7a Siorcanna mácó biorshrónacha agus siorcanna mácó fadeiteacha

1. Scaoilfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais go pras siorcanna mácó biorshrónacha (*Isurus oxyrinchus*) agus siorcanna mácó biorshrónacha (*Isurus paucus*) gan iad a ghortú, a mhéid is infheidhmithe, nuair a thabharfar le taobh iad chun iad a thabhairt ar bord an tsoithigh. Na híoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta um láimhseáil agus scaoileadh sábháilte siorcanna mácó biorshrónacha agus siorcanna mácó fadeiteacha, dá bhforáiltear faoi Iarscríbhinn 13 den Rialachán seo, ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu na híoschaighdeáin sin a chur chun feidhme, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht an chriú, chun go scaoilfear go pras na siorcanna sin gan ghortú, a mhéid is infheidhmithe, agus chun feabhas a chur ar chumas teacht slán siorcanna mácó biorshrónacha beo agus siorcanna mácó fadeiteacha beo.

2. Ní cheadaítear aon choinneáil siorcanna ach amháin nuair atá na héisc marbh tráth a thugtar ar bord iad, agus nuair atá breathnóir nó córas faireacháin leictreonaigh feidhmiúil comhlíontach ar bord an tsoithigh chun riocht na siorcanna a fhíorú. In éagmais breathnóra nó córas faireacháin leictreonaigh feidhmiúil, déanfar gach siorc mácó biorshrónach agus gach siorc mácó fadeiteach a scaoileadh nó a aischur.

3. Tá toirmeasc ar shiorcanna mácó biorshrónacha nó siorcanna mácó fadeiteacha a ghabhtar i gcomhlachas le hiascaigh IOTC agus a choinnítear ar bord a thrasloingsiú, go hiomlán nó go páirteach.

4. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais na gabhálacha uile a thaifeadadh agus a thuairisciú, ar leibhéal na speiceas, lena n-áirítear ábhar muirí aischurtha marbh agus scaoileadh beo siorcanna mácó.

5. Soláthróidh na Ballstáit na sonraí ábhartha uile maidir le siorcanna mácó IOTC i gcomhréir le hAirteagal 51, mír 1(b).

6. Moltar do na Ballstáit leanúint de thaighde eolaíoch a dhéanamh lena soláthraítear faisnéis maidir le príomhpharaiméadair bhitheolaíocha/éiceolaíocha, saolré, imirce agus marthanas iarscaoilte siorcanna mácó biorshrónacha agus mácó fadeiteacha.'

(7) in Airteagal 15, cuirtear na míreanna 4 agus 5 seo a leanas isteach:

'4. Bainfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais úsáid iomlán as na siorcanna uile a choinnítear ar bord a gcuid soithí, is é sin gach cuid den siorc seachas an ceann, na putóga agus an craiceann, go dtí go sroichtear an chéad áit lena dtabhairt i dtír.

5. I gcás inar féidir é, féachfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún le taighde a dhéanamh ar shiorcanna a ghabhtar sa Limistéar, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) bealaí a shainaithint chun trealamh iascaireachta a dhéanamh níos roghnaithí agus básmhaireacht siorcanna a ghabhtar de thaisme a laghdú, go háirithe siorcanna bána aigéanacha, siorcanna súisteála agus míolsiorcanna;

b) feabhas a chur ar an eolas ar phríomhpharaiméadair bhitheolaíocha/éiceolaíocha, saolré, tréithe iompraíochta, patrúin imirce, agus marthanas iarscaoilte príomhspeiceas siorcanna, lena n-áirítear siorcanna bána aigéanacha, siorcanna súisteála, míolsiorcanna agus síodsiorcanna, siorcanna ceann casúir agus siorcanna mácó;

c) fothú acmhainneachta páirtithe conarthacha agus páirtithe comhoibritheacha neamhchonarthacha a éascú maidir le sainaithint speiceas siorcanna chun feabhas a chur ar thuairisciú sonraí ar leibhéal na speiceas;

d) príomhlimistéir chúplála, bhreithe agus iasclainne siorcanna a shainaithint, lena n-áirítear príomhlimistéir le haghaidh siorcanna bána aigéanacha, siorcanna súisteála, míolsiorcanna agus síodsiorcanna, siorcanna ceann casúir agus siorcanna mácó; agus

e) feabhas a chur ar chleachtais láimhseála do shiorcanna beo chun marthanas iarscaoilte a uasmhéadú.'

(8) cuirtear isteach an tAirteagal 15a seo a leanas idir Airteagal 15 agus Airteagal 16:

'Airteagal 15a Bearta maolaithe foghabhálacha

1. Ní úsáideann soithí spiléireachta de chuid an Aontais snúdaí a ritheann díreach amach ó na snámháin spiléir nó ó dhoruithe domhain, ar a dtugtar doruithe siorca, a léirítear mar scéimléaráid de dhorú siorca a leagtar amach in Iarscríbhinn 12 a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas:

a) siorcanna bána aigéanacha, siorcanna súisteála agus míolsiorcanna, a scaoileadh go pras, a mhéid is infheidhmithe, má aithnítear iad sula dtugtar ar bord an tsoithigh iad nó nuair a thugtar le taobh iad chun sainaithint shábháilte a áirithiú;

b) siorcanna (go háirithe siorcanna óga agus siorcanna torracha) atá beo agus a ghabhtar de thaisme agus nach n-úsáidtear ar bord le haghaidh bia agus/nó cothaithe a scaoileadh in iascaigh ar iascaigh iad nach bhfuil speicis siorcanna de dhíth iontu

3. Áiritheoidh an Ballstát brataí go ndéanann a soithí iascaireachta áineasa agus spóirt brataí an méid seo a leanas:

a) go scaoilfear beo na siorcanna bána aigéanacha, na siorcanna súisteála agus na míolsiorcanna uile a ghabhtar; agus

b) i gcás ina bhfuil siad i mbun iascaireachta lena ngabhann dóchúlacht ard go ngabhfar siorcanna bána aigéanacha, siorcanna súisteála agus míolsiorcanna, go bhfuil siad feistithe le huirlisí atá oiriúnach chun na hainmhithe a scaoileadh beo.

4. Scaoilfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais an siorc a luaithe is féidir go praiticiúil, agus sábháilteacht an chriú agus an bhreathnóra á cur san áireamh, i gcomhréir leis na hÍoschaighdeáin maidir le Nósanna Imeachta um Láimhseáil Shábháilte agus um Scaoileadh Beo a leagtar amach in Iarscríbhinn 13 a ghabhann leis an Rialachán seo.'

(9) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (2):

'2. Tabharfaidh an breathnóir tuairisc don Bhallstát brataí, laistigh de 30 lá tar éis gach turas a chríochnú. Is de réir limistéir de dhomhanleithead 1° faoi dhomhanfhad 1° a chuirfear an tuarascáil ar fáil. Seolfaidh na Ballstáit na tuarascálacha agus na sonraí breathnóra uile chuig an gCoimisiún, nó chuig comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, don bhliain roimhe sin tráth nach déanaí ná an 15 Meitheamh den

bhliain dár gcionn. I gcás an bhreathnóra a chuirtear ar bord an chabhlaigh spiléireachta, áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar na sonraí sealadacha faoin 15 Meitheamh, agus go soláthrófar na sonraí críochnaitheacha tráth nach déanaí ná an 10 Nollaig, don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige.'

(10) in Airteagal 34, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

'3. Nuair a fheictear soitheach in e-RAV den chéad uair laistigh de limistéar eacnamaíoch eisiach páirtí chonarthaigh agus páirtí chomhoibrithigh neamhchonarthaigh eile ar thuras ar leith agus nach bhfuil sé ar idirthuras agus nach bhfuil sé údaraithe iascaireacht a dhéanamh i limistéar eacnamaíoch eisiach an pháirtí chonarthaigh agus an pháirtí chomhoibrithigh neamhchonarthaigh sin, agus nuair a mholtar dó tuairiscí leanúnacha a sholáthar faoi shuíomh an tsoithigh fad a fhanann an soitheach laistigh den limistéar eacnamaíoch eisiach, seachas dul isteach i gcalafort i gcomhréir le Caibidil VI maidir le Bearta Stát an Chalafoirt, áiritheoidh na Ballstáit go dtarchuirfear an fhaisnéis seo a leanas chuig údarás inniúil an pháirtí chonarthaigh agus an pháirtí chomhoibrithigh neamhchonarthaigh eile:

(a) aitheantais an tsoithigh;

(b) suíomh geografach an tsoithigh (domhanfhad, domhanleithead), agus earráid suímh a bheidh níos lú ná 500 méadar ann, agus ag leibhéal muiníne 99 %; agus

(c) dáta agus am (arna sloinneadh in AUL) a dhéantar suíomh sin an tsoithigh a aimsiú.'

(11) in Airteagal 19, cuirtear an mhír 1a agus 1b seo a leanas isteach idir míreanna 1 agus 2:

'1a. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais aon chuid de mhíolsiorcanna ná conablach iomlán míolsiorcanna a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír ná a stóráil.

1b. De mhaolú ar mhír 1a, ceadófar do bhreathnóirí eolaíocha samplaí bitheolaíocha a bhailiú ó mhíolsiorcanna a ghabhtar sa Limistéar agus atá marbh tráth a thógtar ar bord iad, ar choinníoll go bhfuil na samplaí mar chuid de thionscadal taighde arna fhormheas ag Coiste Eolaíoch IOTC nó ag Meitheal IOTC um Éiceachórais agus Foghabhálacha.'

(12) in Airteagal 51, mír 1, cuirtear isteach an pointe (g) seo a leanas:

(g) na sonraí ábhartha uile maidir le siorcanna mácó IOTC, lena n-áirítear meastacháin ar ábhar muirí aischurtha marbh agus ar scaoileadh beo trí úsáid a bhaint as na modhanna arna bhformheas ag Coiste Eolaíoch IOTC.'

(13) in Airteagal 54, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) Iarscríbhinní 1 go 13;'

(14) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 7*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/2053**

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 mar a leanas:

(1) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Sa phlean bliantúil bainistíochta feirmeoireachta, áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil an acmhainneacht ionchuir iomlán i gcomhréir leis an méid measta tuinníní gorma atá ar fáil don fheirmeoireacht.’

(2) in Airteagal 28a, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) an acmhainneacht ionchuir arna leithdháileadh ar gach feirm;’

(3) in Airteagal 56a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás inarb é soitheach próiseála ceann scríbe na dtuinníní gorma, comhlánóidh máistir an tsoithigh próiseála nó a ionadaí dearbhú próiseála. I gcás ina mbeidh na tuinníní gorma a shaothraítear le tabhairt i dtír go díreach isteach sa chalafort, comhlánóidh oibreoir na feirme nó an ghaiste dearbhú saothraithe. Déanfaidh an breathnóir náisiúnta nó breathnóir réigiúnach ICCAT atá i láthair ag an oibríocht saothraithe na dearbhuithe próiseála agus saothraithe a bhailíochtú agus, i gcás inarb iomchuí, a shíniú.’

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
*[...]*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*

# RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/1154 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí, Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Iascaigh idirnáisiúnta

### 1.3. Cuspóirí

#### 1.3.1. *Cuspóirí ginearálta*

Oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a chur chun feidhme.

#### 1.3.2. *Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach Uimh.</u>

[...]

#### 1.3.3. *An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

[...]

#### 1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

[...]

### 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart** [1]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.5. **Foras an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

[...]

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*) […]

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*) [...]

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

[...]

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

[...]

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

[...]

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

☐ i bhfeidhm ón [LL.MM]BBBB go dtí an [LL.MM]BBBB

☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[2]

---

(1) Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

(2) Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais, le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia:

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha;

☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

[...]

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

---

https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

2.1. **Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

[...]

2.2. **Córais bainistíochta agus rialaithe**

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

[...]

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

[...]

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

[...]

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

[...]

3. **AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. **Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar**

Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN [3] | ó thíortha de chuid CSTE [4] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha [5] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

(3) LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
(4) CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
(5) Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

3.2. **An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

3.2.1.1. *Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | |
|---|---|---|

<table>
<tr><td colspan="3">Ard-Stiúrthóireacht: <.......></td><td>Bliain<br>**2024**</td><td>Bliain<br>**2025**</td><td>Bliain<br>**2026**</td><td>Bliain<br>**2027**</td><td>**CAI IOMLÁN<br>2021-2027**</td></tr>
<tr><td colspan="8">Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Líne bhuiséid</td><td>Gealltanais</td><td>(1a)</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td>**0,000**</td></tr>
<tr><td>Íocaíochtaí</td><td>(2a)</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td>**0,000**</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Líne bhuiséid</td><td>Gealltanais</td><td>(1b)</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td>**0,000**</td></tr>
<tr><td>Íocaíochtaí</td><td>(2b)</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td>**0,000**</td></tr>
<tr><td colspan="8">Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach [6]</td></tr>
<tr><td>Líne bhuiséid</td><td></td><td>(3)</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td>**0,000**</td></tr>
<tr><td rowspan="2">**IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>**</td><td>Gealltanais</td><td>=1a+1b+3</td><td>**0,000**</td><td>**0,000**</td><td>**0,000**</td><td>**0,000**</td><td>**0,000**</td></tr>
<tr><td>Íocaíochtaí</td><td>=2a+2b+3</td><td>**0,000**</td><td>**0,000**</td><td>**0,000**</td><td>**0,000**</td><td>**0,000**</td></tr>
<tr><td colspan="3">Ard-Stiúrthóireacht: <.......></td><td>Bliain<br>**2024**</td><td>Bliain<br>**2025**</td><td>Bliain<br>**2026**</td><td>Bliain<br>**2027**</td><td>**CAI IOMLÁN<br>2021-2027**</td></tr>
<tr><td colspan="8">Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Líne bhuiséid</td><td>Gealltanais</td><td>(1a)</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td>**0,000**</td></tr>
<tr><td>Íocaíochtaí</td><td>(2a)</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td>**0,000**</td></tr>
</table>

[6] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin chun tacú le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach [7] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **CAI IOMLÁN 2021-2027** |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL <....>** an chreata airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | | Uimhir | | | | | |

[7] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin chun tacú le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| Ard-Stiúrthóireacht: <.......> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **CAI IOMLÁN 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0,000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach [(8)] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b +3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| Ard-Stiúrthóireacht: <.......> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **CAI IOMLÁN 2021-2027** |
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0,000** |

(8) Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin chun tacú le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach [9] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.......>** | Gealltanais | =1a+1b +3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **CAI IOMLÁN 2021-2027** |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL <....>** an chreata airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **CAI IOMLÁN 2021-2027** |

